

Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2018

Le haghaidh eolas eile déan teagmháil le:

Oifig an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1

Guthán: 01 858 5800
Íosghlao: 1890 315 015
Facs: 01 858 5801
Ríomhphoist: info@odce.ie
Suíomh Gréasán: www.osfc.ie
T: @odce

Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Féadfar iomlán nó páirt den doiciméad seo a atáirgeadh gan bhreis cheada, ar choinníoll go n-admhaítear foinse an eolais.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil annso mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar Comhairle dlí neamhspleách maidir le héifeachtaí aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó le haon dliteanas is cuma cén chaoi a n-éiríonn siad as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

© Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2019

Word Perfect Translations agus foireann an Stiúrthóra a d'aistrigh an tuarascáil bhliantúil seo go Gaeilge

Clár Ábhair

Leathanach

| | |
|---|----|
| BROLLACH ÓN STIÚRTHÓIR | 3 |
| SRACFHÉACHAINT | 6 |
| CAIBIDIL 1: FORBHREATHNÚ AR OSFC | 8 |
| Sainordú reachtúil | 9 |
| Spriocanna ardleibhéil | 9 |
| Acmhainní, struchtúr eagrúcháin, socruithe rialachais agus príomhshruthanna oibre | 10 |
| CAIBIDIL 2: TUISCINT NÍOS FEARR AR CHEARTA AGUS DHUALGAIS NA BPÁIRTITHE LENA MBAINNEANN FAOI DHLÍ NA GCUIDEACHTAÍ A CHUR CHUN CINN | 15 |
| Réamhrá | 16 |
| Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana | 16 |
| Caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt | 17 |
| CHAPTER 3: GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORÁLACHA AGUS FORFHEIDHMIÚ | 20 |
| Struchtúr na Caibidle seo | 21 |
| CUID A: IONCHUIR | 21 |
| IONCHUIR SHEACHTRACHA | 21 |
| Tuiriscí alt 682 na leachtaitheoirí | 22 |
| Dáileadh earnála ionchur seachtrach eile (i.e. ionchuir sheachtracha seachas tuairiscí alt 682 leachtaitheoirí) | 26 |
| Gearáin | 27 |
| Tuiriscí cionta indíotáilte iniúchóirí | 27 |
| Tuiriscí na Scrúdaitheoirí | 28 |
| Tarchuir | 28 |
| Tuiriscí um chionta indíotáilte comhlachtaí gairmiúla | 28 |
| Tuiriscí leachtaitheoirí maidir le coiriúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann | 29 |
| Nochtuithe faoi Acht na Nochtuithe Cosainte 2014 | 29 |
| IONCHUIR INMHEÁNACH | 30 |
| Réamhrá | 30 |
| Gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chineálacha ar leith daoine | 30 |
| Imscrúduithe a tionscnaíodh ar a conlán féin | 30 |
| Cuideachtaí dócmhainneacha díscailte | 31 |
| Gníomhartha a bhaineann le feidhmíochta/iompar leachtaitheora | 32 |
| Candam na n-ionchur inmheánach - 2018 | 32 |

Clár Ábhair (ar lean)

Leathanach

| | |
|--|----|
| CUID B: TRÉCHUIR | 33 |
| CUID C: ASCHUIR | 35 |
| Príomh-aschuir agus Staitisticí | 35 |
| Aschuir na hoibre forfheidhmithe | 42 |
| Ceartú/feabhsú deonach a fháil | 43 |
| Comhlíonadh a áirithiú trí chumhachtaí reachtúla an Stiúirthóra a fheidhmiú | 44 |
| Cheadú/éascú comhlíonadh trí fheidhmiú fheidhmeanna reachtúla an Stiúirthóra | 44 |
| Leigheasanna sibhialta arna lorg | 44 |
| Imeachtaí achoimre coiriúla | 47 |
| Imeachtaí coiriúla indíotáilte | 47 |
| Tarchuir chuig comhlachtaí gairmiúla agus rialála eile | 47 |
| CAIBIDIL 4: SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ A CHUR AR FÁIL DO PHÁIRTITHE LEASMHARA INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA | 48 |
| Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara seachtracha | 49 |
| Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inmheánacha | 51 |
| Comhlíonadh oibleagáidí de bhun an dlí, rialacháin agus stádas na hOifige mar aonán earnála poiblí arna bhunú le reacht | 52 |
| AGUISÍNÍ | 55 |
| Aguisín 1: Caiteachais arna chionroinnt i gcoinne chionroinnt iarbhír 2016 – 2018 | 56 |
| Aguisín 2: Láithreoireachtaí a d'fhuascail agus taispeántais ar ar fhreastail – 2018 | 57 |
| Aguisín 3: Tuairisc faoi alt 22 d'Acht na Nochtuithe Cosainte 2014 | 58 |
| Aguisín 4: Cásanna ina rinne an Ardchúirt Dearbhuithe Srianadh nó inar thug Stiúirthóirí Cuideachta Tiomantais Comhthoilithe Srian de bhun alt 683 d'Acht na gCuideachtaí 2014 | 59 |
| Aguisín 5: Cásanna ina rinne an Ardchúirt Orduithe Dícháilithe nó inar thug Stiúirthóirí Cuideachta Tiomantais Comhthoilithe Dícháilíú de bhun alt 683 d'Acht na gCuideachtaí 2014 | 63 |
| GLUAIS | 64 |

Brollach ón Stiúrthóir

Réamhrá

De réir fhorálacha alt 954(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 ("an tAcht"), táim sásta Tuarascáil Bhliantúil 2018 Oifig an Stiúirthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chur isteach chuig an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUasal Heather Humphreys, TD.

Saincheistanna suntasacha a tháinig chun solais i rith na bliana faoi athbhreithniú

Independent News & Media plc ("INM")

I ndiaidh imscrúdú a rinneadh ar líomhaintí a rinneadh iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin INM, rinne an OSFC iarratas an 23 Márta 2018 ar an Ard-Chúirt chun Cigirí a cheapadh le INM.

Tugadh faoin imscrúdú i gcaitheamh tréimhse thart ar 15 mhí agus rinneadh 33 ceanglas reachtúil a eisiúint ar an iomlán don INM, chun cáipéisí, mínithe agus cúnamh a sholáthar, anuas ar réimse páirtithe ábhartha eile.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise a bailíodh, shainaithin an OSFC roinnt saincheistanna a bhí ina n-ábhar mór buartha maidir le INM. Cé gur baineadh úsáid mhór as cumhachtaí reachtúla an OSFC, faoi mar is léir sa mhéid thuas, i rith an imscrúdaithe, thángthas ar phointe, dar leis an measúnú a rinne an OSFC, inar ghá uirlisí imscrúdaithe ní ba chumhachtaí a chur chun feidhme nach gceadaítear faoin dlí ach do Chigirí a cheaptar sa Chúirt a úsáid, chun an t-imscrúdú a chur chun cinn níos mó. Go sonrach, áirítear leis na cumhachtaí atá ar fáil do Chigirí ach nach bhfuil ar fáil don OSFC cumhachtaí inordaitheachta agus scrúdaithe ar dhaoine ábhartha faoi mhionn.

Lorg INM go gcuirí cinneadh an OSFC a lorg chun Cigirí a cheapadh a chur ar neamhní trí imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh. I mbreithiúnas a rinneadh an 1 Meitheamh 2018, dhiúltaigh an Breitheamh Onórach Séamus Noonan argóintí INM agus níor cheadaigh sé iarratas na cuideachta.

Éisteadh leis an iarratas substainteach ar Chigirí a cheapadh in Iúil 2018 agus bhí an breithiúnas forchoimeáda. Thug an Breitheamh Onórach Peter Kelly, Uachtarán na hArd-Chúirte, a bhreithiúnas ina dhiaidh sin ar an gceist an 4 Meán Fómhair 2018 agus, nuair a rinne sé amhlaidh, dheonaigh sé iarratas an OSFC. D'ordaigh an Breitheamh Onórach Kelly an tUasal Seán Gillane, Abhcóide Sinsearach agus tUasal Richard Fleck, CBE, a cheapadh mar Chigirí le INM. Bronnadh costais an iarratais ar an OSFC (a bhfuil cáin le gearradh orthu má theipeann orthu comhaontú a bhaint amach).

Sholáthair na Cigirí a gcéad Tuarascáil eatramhach don Ard-Chúirt an 11 Aibreán 2019 agus, ag tráth an scríofa, tá siad ag leanúint lena n-imscrúduithe. Is iad táill na gCigirí go dtí seo, a n-íocann an OSFC astu ar an gcéad dul síos faoi Acht na gCuideachtaí 2014, €550,000.

An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Ghlac an Rialtas i Samhain 2017 le pacáiste beart atá dírithe ar fheabhas a chur ar chumas na hÉireann chun dul i ngleic le coireacht chorparáideach, gheilleagrach agus rialála. Ag brath ar an gcinneadh sin, d'fhaomh an Rialtas Scéim Ghinearálta Bhille na gCuideachtaí (Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) i Nollaig 2018 agus dheonaigh sé faomhadh chun tús a chur le Bille mionsonraithe a dhréachtú.

I rith na bliana faoi athbhreithniú, agus i rith na bliana reatha go dtí seo, lean an OSFC ag oibriú leis an Aire agus a hoifigigh chun ullmhú a dhéanamh chun an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú, agus áireofar leis na hullmhúcháin siúd forálacha nua reachtaíochta agus na socruithe lóistíochtúla a theastaíonn chun aistriú ghníomhaíochtaí an OSFC a éascú chuig Gníomhaíocht neamhspleách.

Idirchaidreamh le Comhchoiste an Oireachtais um Ghnó, Fiontar agus Nuálaíocht

I rith 2018, lean an OSFC lena idirchaidreamh fadmarthanach leis an gCoiste maidir le ceistanna a bhí mar ábhar spéise dó, ceist an SIP v FitzPatrick ina measc. Ag eascairt ón idirchaidreamh sin, tháinig ionadaithe an OSFC os comhair an Choiste an 19 Feabhra 2019 i gcomhthéacs an scrúdaithe réamhreachtaíochta a rinne an Coiste ar Scéim Ghinearálta Bille na gCuideachtaí (Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2018.

Ag tráth an scríofa, tá iniúchadh réamhreachtaíochta an Choiste ar siúl. Thug an Coiste le fios le déanaí, mar aitheantas ar bhuarthaí a thug an OSFC le fios roimhe seo maidir le dlíthíocht agus riosca gaolmhar airgeadais, beartaíonn sé ceadanna riachtanacha a lorg le hiallach a chur an OSFC Aighneacht a sholáthar ar an gceist – meicníocht a chuirfeadh cosaintí áirithe ar fáil don OSFC maidir leis na rioscaí thuasluaite. Thug an Coiste le tuiscint, faoi mar a bhí i gceist de shíor, go bhfuil an OSFC ar fáil le cabhair a thabhairt i dtabhairt faoina fheidhmeanna reachtúla.

Grúpa Athbhreithnithe ar Struchtúir in Aghaidh Calaoise agus Caimiléireachta

Bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe seo, a bhfuil an t-iar-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an tUasal James Hamilton, mar chathaoirleach air, mar chuid de phacáiste beart Shamhain 2017 an Rialtais a bhí dírithe ar bharr feabhais a chur ar chumas na hÉireann chun dul i ngleic le coireacht chorparáideach, gheilleagrach agus rialála. Comhaltáí den Ghrúpa iad an Stiúrthóir agus an tUasal David Hegarty.

I measc na saincheisteanna ar nocht an OSFC a thuairim fúthu leis an nGrúpa, tá Tuarascáil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí dar teideal “Tuarascáil maidir le Cumhachtaí Rialála agus Cionta Corparáideacha”, a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2018.

Léargas ginearálta ar phríomhghníomhaíochtaí forfheidhmithe

Thit an méid seo a leanas amach i rith na bliana faoi athbhreithniú:

- d’ordaigh an SIP cúisimh faoi Acht na gCuideachtaí 1963, an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 de bhun comhad imscrúdaithe a seoladh i rith 2017. Ag dáta na scríbhneoireachta, táthar ag feitheamh le dáta na trialach;
- ag eascairt as comhad imscrúdaithe a seoladh ar aghaidh i rith 2017, agus ar iontráladh pléadail ciontach ina leith, gearradh príosúnacht 18 mí ar dhuine aonair (cuireadh na 6 mhí dheireanacha ar fionraí) i ngeall ar chion Trádála Calaoisí in aghaidh alt 297 d’Acht na gCuideachtaí, 1963;
- rinneadh roinnt imscrúduithe mórsála eile a thabhairt chun cinn ag féachaint le comhaid a chur faoi bhráid an SIP go ndéanfaí breithniú orthu maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart cúisimh a thabhairt ar díotail;
- ar mhaithe le himscrúduithe agus feidhmeanna reachtúla eile, rinneadh cumhachtaí reachtúla (iad siúd ina measc ónar theastaigh cáipéisí etc. a sholáthar) a fheidhmiú breis agus 160 uair;
- rinneadh sárúithe iasachtaí stiúrthóirí ar luach €6 milliún a thabhairt chun rialtachta;
- mar rogha chostéifeachtúil ar ghníomhartha foirmiúla forfheidhmithe, eisíodh rabhaidh agus foláirimh breis agus 60 uair;
- rinneadh 700 cinneadh críochnaitheach maidir le tuarascálacha leachtaitheoirí ar stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha;
- cuireadh srian ar 127 stiúrthóir cuideachta de bhun gealltanais reachtúla a d’eisigh an OSFC, agus rinneadh 3 stiúrthóir cuideachta sa bhreis air sin a dhícháiliú.

Focal Scoir

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire agus a hoifigigh as a dtacaíocht leanúnach i rith na bliana. Faoi mar a dhéanaim i gcónaí, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl don tiomantas agus an dúthracht a léirigh mo chomhghleacaithe i gcaitheamh na bliana.

Ian Drennan

Stiúrthóir

Sracfhéachaint

Forfheidhmiú

Foinsí dár obair

- Fuarthas 981 (2017: 1,100) tuarascáil reachtúil agus atreorú ó leachtaitheoirí, iniúcháirí, scrúdaitheoirí, comhlachtaí gairmiúla agus údaráis rialála agus forfheidhmiúcháin eile
- Athbhreithníodh 247 (2017: 234) gearán ó bhaill an phobail
- Gineadh 79 (2017: 97) ionchur go himheánach

Aschur ónár n-obair

- Mar mhalairt chomhréireach agus chost-éifeachtúil ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, eisíodh rabhaidh chuig 63 (2017: 58) cuideachta
- Rinneadh sáruiithe iasachtaí stiúrthóirí, i 18 cás (2017: 39), agus go dtí thart ar luach comhlán €6.1m (2017: €15.5m), a cheartú de bhun ghníomhaíochtaí an OSFC
- Tar éis iniúchadh na dtuairiscí arna dtaisceadh ag leachtaitheoirí na gcuideachtaí dócmhainneacha:
 - cuireadh srian le 127 stiúrthóir faoi réimeas na nGnóthas Srianta;
 - cuireadh srian le 23 stiúrthóir cuideachta ag an Ard-Chúirt de bhun iarratais leachtaitheoirí;
 - dícháilíodh 3 stiúrthóir faoi réimeas na nGnóthas Dícháilithe;
 - dícháilíodh 7 stiúrthóirí cuideachta ag an Ard-Chúirt de bhun iarratas leachtaitheoirí;
 - thoiligh 21 stiúrthóir ar chuideachtaí díscailte dócmhainneacha go saorálach do Ghealltanais Dícháilithe;
- 50 (2017: 53) ordú eisithe do chuideachtaí chun miontuairiscí cruinnithe éagsúla a sholáthar agus chun teidlíocht a sholáthar chun díolúine ó iniúchadh a fháil
- 47 (2017: 47) ceanglas leagtha ar iniúcháirí chun cáipéisí ar leith a sholáthar ag eascairt as tuarascálacha indíotáilte a sheoladh ar aghaidh
- Rinneadh cumhacht ghabhála a fheidhmiú 5 huaire
- Rinneadh iarratais éagsúla ar an Ard-Chúirt ag féachaint le himscrúduithe agus gníomhaíochtaí eile a thabhairt chun cinn a bhain le forfheidhmiú
- Ar aon dul leis an aistriú leanúnach straitéiseach i dtreo imscrúdú a dhéanamh ar éagóir níos tromchúisí a thugtar le fios, is féidir riar cásanna leanúnach d'imscrúduithe mórsála a thabhairt chun cinn ar féidir iad, ar a gcríochnú, a chur faoi bhráid an SIP le breithniú a dhéanamh orthu i dtaobh cé acu ar cheart nó nár cheart cúisimh a ordú ar díotáil, má mheastar gur cuí sin a dhéanamh agus tagairt á déanamh don fianaise atá ar fáil.

Tathant

- seachadadh 22 cur i láthair faisnéise (go lucht éisteachta/faisnéise comhcheangailte thart ar 1,130)
- 17 imeachtaí poiblí ar fhreastail fhoireann OFSC orthu
- 3 Leabhair Faisnéise agus 2 Threoir Thapa nuashonraithe chun athruithe a thagann as reachtaíocht nua a léiriú.

Airgeadais

- Ba ionann an costas maidir leis an Oifig a reachtáil in 2018 agus €3.7m, thart ar 72% dá leithdháileadh don bhliain agus méadú 23% ar an mbliain roimhe sin.

Feabhsú Cumais

- Earcú 2 Dlíodóir Forfheidhmithe
- Earcú 2 Chuntasóirí Imscrúdaitheacha breise

Caibidil 1

Forbhreathnú ar OSFC

Sainordú reachtúil

Acht na gCuideachtaí 2014 (árna leasú)

Tháinig Acht na gCuideachtaí 2014 (“an tAcht”) i bhfeidhm le linn 2015. Ach amháin nuair a éilíonn na cúinsí é, dá réir sin, baineann gach tagairt reachtúil sa Tuarascáil seo leis an Acht i gcodarsnacht le hAchtanna na gCuideachtaí ar cuireadh ina n-ionad é. Is féidir téacs iomlán an Achta a rochtain ar shuíomh gréasáin Leabhar Reachtanna na hÉireann¹.

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Déanfar foráil i gCuid 15, Caibidil 3 den Acht i leith phost an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Chorporáideach (“Stiúrthóir”). Tugtar cuidiú don Stiúrthóir, a cheapann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (“an tAire”), lena shainordú reachtúil a chur ar aghaidh trí:

- foireann arna sainiú ag an Aire; agus
- baill den Gharda Síochána a fhaightear ar iasacht ón Biúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch chun na críche sin.

Le chéile, cuimsíonn iad siúd a luadh thuas Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (“OSFC”/“an Oifig”).

Príomhfheidhmeanna an Stiúrthóra

Tá príomhfheidhmeanna an Stiúrthóra leagtha amach san Acht². Áirítear orthu sin:

- comhlíonadh an Achta a spreagadh;
- imscrúdú a dhéanamh ar chásanna cionta líomhnaithe faoin Acht;
- an tAcht a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear le hionchúiseamh na gcionta trí imeachtaí achoimre³;
- cásanna a atreorú, dá rogha féin, chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (“SIP”) sa chás go bhfuil forais réasúnta ag an Stiúrthóir lena chreidiúint go ndearnadh cion indíotáilte⁴ faoin Acht; agus
- ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid is a cheapann sé é a bheith riachtanach nó iomchuí, maidir le gníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoin Acht.

Lena chois sin, déantar foráil in alt 192 den Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní 2015 (“Acht GÉCS”) go bhféadfadh an Stiúrthóir, sa bhreis ar na feidhmeanna a tugadh dó leis an dlí cuideachtaí, na feidhmeanna a tugadh dó le hAcht GÉCS a fheidhmiú agus cibé gníomhartha nó rudaí a dhéanamh de réir mar is gá nó mar is áisiúil i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna sin.

Neamhspleáchas an Stiúrthóra

Déantar foráil san Acht⁵ go mbeidh an Stiúrthóir neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

Spriocanna ardleibhéil

Bunaithe ar na príomhfheidhmeanna reachtúla atá leagtha amach thuas, is iad seo a leanas spriocanna ardleibhéil OSFC le linn na bliana atá faoi athbhreithniú:

- Tuiscint níos fearr ar chearta agus ar dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoin dlí cuideachtaí a chur chun cinn;
- Aghaidh a thabhairt ar iompraíocht neamhfhreagrach a mhéid is a bhaineann sé leis an dlí cuideachtaí; agus
- Seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

¹ <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/38/enacted/en/pdf>

² Alt 949 d'Acht na gCuideachtaí, 2014

³ i.e. os comhair na Cúirte Dúiche

⁴ Is éard is cion indíotáilte ann cion ar féidir é a thriail ar díotáil, i.e. os comhair giúiré sa Chúirt Chuarda.

⁵ Alt 949(3) d'Acht na gCuideachtaí, 2014

Tugtar tuilleadh faisnéise ar na straitéisí agus ar na gníomhaíochtaí ar bhféachadh dóibh agus a rinneadh faoi seach le linn na bliana faoi athbhreithniú chun na spriocanna sin a bhaint amach sa chuid eile den Tuarascáil seo mar a leanas:

- **Caibidí 2** – Tuiscint níos fearr ar chearta agus ar dhualgais na bpáirtithe lena mbaineann faoin dlí cuideachtaí a chur chun cinn
- **Caibidí 3** - II. Aghaidh a thabhairt ar iompraíocht neamhfhreagrach a mhéid is a bhaineann sé leis an dlí cuideachtaí; agus
- **Caibidí 4** - Seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sholáthar do pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha

Acmhainní, struchtúr na heagraíochta, socrúithe rialachais agus príomhshruthanna oibre

Acmhainní daonna

Tá líonta foirne OSFC ag tús agus deireadh na bliana faoi seach mionsonraithe i dTábla 1 thíos.

Tábla 1 Líon Foirne OSFC- 2018

| Líon Foirne (CL ⁶) | 31 Nollaig 2017 | 31 Nollaig 2018 |
|--------------------------------|-----------------|-----------------|
| Líon iarbhír atá i bhfeidhm | 39 | 46.1 |

I ndiaidh phróisis earcaíochta, líonadh an dá phost dheireanacha Cuntasóra Fhóiréinsigh in 2018, anuas ar chuntasóirí ionaid maidir le folúntais arbh ann dóibh in Eanáir 2018 nó a thagann chun solais i rith na bliana.

Tá comhdhéanamh líon foirne na hOifige amhail an 31 Nollaig 2018, mar aon le sonraí comparáideacha, leagtha amach i dTábla 2 thíos.

Tábla 2 Anailís ar iarbhír foirne (CL)

| Grád | 31 Nollaig 2017 | 31 Nollaig 2018 |
|---|-----------------|-----------------|
| Stiúrthóir | 1 | 1 |
| Ceannasaithe Feidhme (ach amháin Garda) | 3 ⁷ | 3 |
| Comhairleoirí Dlí (2017) / Dlíodóir Forfheidhmithe (2018) | 1 | 2 |
| Speisialtóir Fóiréinseach Digiteach | 1 | 1 |
| Cuntasóirí Fóiréinseach | 5 | 7 |
| Aturnaetha | 1 | 1 |
| Príomhoifigigh Cúnta | 3 | 4 |
| Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin | 5.8 | 6.8 |
| Oifigigh Feidhmiúcháin | 5.5 | 5.5 |
| Oifigigh Cléireachais | 5.7 | 7.8 |

⁶ Coibhéiseach Lánaimseartha

⁷ 2 Bainisteoirí Punann Forfheidhmithe agus 1 Príomh-Oifigeach

| Grád | 31 Nollaig 2017 | 31 Nollaig 2018 |
|---|-----------------|-----------------|
| <i>Bleachtaire Gardaí (ar iasacht ó Biúró an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch)</i> | | |
| Cigire (Ceann Feidhme) | 1 | 1 |
| Sáirsint Bleachtaireachta | 2 | 2 |
| Bleachtaire Gardaí | 4 | 4 |
| Iomlán | 39 | 46.1 |

Fóiréinsic Dhigiteach

Tugadh cead in 2018 chun bogearraí agus cruu-earraí araon a sholáthar lena chur ar chumas na hOifige a hacmhainneacht féin ríomhfhionnachtana a chur i bhfeidhm. Bhí bogearraí a sholáthar ar bun ag deireadh na bliana agus a luaithe a roghnaíodh na bogearraí, déanfar na cruu-earraí gaolmhara a sholáthar ina dhiaidh sin. Bhraith an Oifig roimhe seo go mór ar thríú páirtithe chun na fheidhm seo a chomhlíonadh. Cuirfidh an tionscadal feabhas ar chumas an OSFC chun a thoradh ar infheistíocht a uasmhéadú ina shaotharlann fóiréinsice digítí agus, i ndeireadh na dála, cistí an Státhiste a choigilt.

Acmhainní airgeadais

Tá an Oifig maoinithe trí Vóta na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ("an Roinn") (Vóta 32). Tá sonraí maidir le leithdháileadh agus caiteachas faoi seach na hOifige do 2018 leagtha amach i dTábla 3 thíos.

Tábla 3 Leithdháileadh airgeadais agus caiteachas - 2018

| | Cionroinnt €000s | Caiteachas €000s | % |
|-------------------------|---------------------|---------------------|-----------|
| Pá | 3,000 | 2,347 | 78 |
| Neamhphá | 2,057 | 1,354 | 66 |
| Costais Dlí Eiseachtúil | 50 | 0 | 0 |
| Iomlán | 5,107 | 3,701 | 72 |


Seo a leanas na príomhchúiseanna nárbh ionann caiteachas iarbhír agus an leithdháileadh:

- b'ann do choigilteas ar Phá a d'éascair as folúntais arbh ann dóibh ag tús na bliana nó a tháinig chun solais i rith na bliana (scoir agus aistrithe amach, go príomha) nár líonadh ar feadh tréimhse anuas ar an moill a bhí ar fhoireann nua a earcú ar tugadh cead dó roimhe seo; agus
- áiríodh leis an leithdháileadh Neamhphá don bhliain soláthar do chostais fhéideartha dlí a bhain le cásobair. Bhí na costais a tháinig chun solais i rith na bliana maidir leis seo ní ba lú ná mar a raibh coinne leis, cé go mbeidh cuid díobh le híoc in 2019. Anuas air sin, ní dhearnadh cleachtadh soláthair a raibh súil leis go nginfeadh sé caiteachas suntasach a thabhairt chun críche ag deireadh na bliana.

Tá anailís níos mionsonraithe maidir leis an gcaiteachas a tabhaíodh le linn na bliana leagtha amach in Aguisín 1 leis an Tuarascáil seo.

Struchtúr eagrúcháin

Ag féachaint do phríomhfheidhmeanna reachtúla an Stiúrthóra agus do na sruthanna oibre comhbhainteacha, baineann seacht nAonad le struchtúr na hOifige, le gach Aonad ag teacht faoi fhreagracht duine amháin den cheathrar Ceann Feidhme. Is san eagrafham thíos a leagtar amach struchtúr eagrúcháin na hOifige.



Príomhshruthanna oibre

De bharr chineál príomhshruthanna oibre na hOifige éilítear leis an gcuid is mó díobh cur chuige ildisciplíneach a bhaineann le hidirghníomhaíocht leanúnach idir na hAonaid agus/nó comhoibriú gníomhach na nAonad chun cuspóirí corparáideacha a bhaint amach.

Dá réir sin, tá cumarsáid éifeachtúil idir na hAonaid, agus go nglacann gach Aonad peirspictíocht ar fud na heagraíochta agus a fheidhmeanna á bhfeidhmiú aige, ina fhachtóir ríthábhachtach. Dá réir sin, is é seo cur chuige a spreagann agus a éascaíonn foireann ceannaireachta na hOifige.

Tá príomhshruthanna oibre na hOifige leagtha amach sa Tábla thíos, mar aon le sonraí faoin áit a bpléitear go príomha le gach sruth oibre sa Tuarascáil seo.

Tábla 4 Príomhshruthanna oibre

| Sruth oibre | Aona(i)d ag a bhfuil baint leis go príomha | Caibidil |
|---|--|----------|
| Comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí a spreagadh | Sa chéad ásc, is ar an Aonad Tathanta atá freagracht as comhlíonadh Achtanna na gCuideachtaí. Mar sin féin, déanann an tAonad Tathanta teagmháil le hAonaid eile lena mbaineann d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus réimsí ar fiú tionscnaimh dhírthe tathanta iad a shainaithint. | 2 |
| Feabhsúcháin reachtaíochta agus bheartais a thathant | Ag brath ar chineál an ábhair, sanntar forbairt aighneachtaí OSFC d'aonad amháin nó níos mó ná aonad amháin. I gcoitinne, áfach, déanfar forbairt na n-aighneachtaí a chomhordú tríd an Aonad Tathanta. | 2 |
| Athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar thuairiscí leachtaitheoirí | Déanann an tAonad Dócmhainneachta athbhreithniú, scrúdú agus breithniú ar thuairiscí leachtaitheoirí. Déanann cásoifigigh thaithíocha dócmhainneachta cinntí ar cé acu chun nó gan Faoiseamh a dheonú maidir le stiúrthóirí cuideachtaí de bhun moltaí leachtaitheora i gcomhar le cuntasóirí agus comhairleoirí dlí an OSFC, sa chás gur cuí. | 3 |
| Scrúdú ar Chuideachtaí Dócmhainneacha Díscailte | Cuireann an tAonad Dócmhainneachta beartas i bhfeidhm, chomh maith, chun scrúdú a dhéanamh ar Chuideachtaí Dócmhainneacha Díscailte a mbíonn dliteanais shuntasacha acu agus cinntí a dhéanamh maidir le stiúrthóirí a dhícháiliú nó gan iad a dhícháiliú. | 3 |
| An Creat Gealltanais a chur i bhfeidhm | Ó Mheitheamh 2015 ar aghaidh, cruthaíonn an sruth oibre seo gné lárnach agus ríthábhachtach d'fheidhmeanna an Aonaid Dócmhainneachta agus cuimsíonn sé nósanna imeachta breise riaracháin a bhaineann leis an gCóras Gealltanais chun srian a chur ar stiúrthóirí agus iad a dhícháiliú. Eascraíonn coigilteas an-suntasach costais agus éifeachtúlachta agus an tAcht a chur i bhfeidhm níos éifeachtaí, faoi mar a mbaineann sé le dócmhainneacht. | 3 |
| Scrúdú gearán agus tuairiscí reachtúla | Tá freagracht ar an fheidhm Forfheidhmiú as gearáin agus tuairiscí reachtúla (ar nós tuairiscí faoi chionta indíotáilte ó iniúchóirí, mar shampla) a scrúdú. Ag brath ar chineál na saincheisteanna a thagann aníos, féadfaidh an fheidhm Forfheidhmiú: <ul style="list-style-type: none"> • aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna é féin, m.sh. trí bhíthin coigeartú/leasú deonach nó trí chumhachtaí áirithe de chuid chumhachtaí reachtúla an Stiúrthóra á n-úsáid; • an cheist a ainmniú a bheith le tuilleadh imscrúdaithe; • an cheist a tharchur chuig an Aonad Dócmhainneachta, m.sh., i gcás ina mbaineann na saincheisteanna i gceist le cuideachta dhócmhainneach atá faoi leachtú; • an cheist a tharchur chuig tríú páirtí, mar shampla, comhlacht rialála nó forfheidhmithe eile. | 3 |

| Sruth oibre | Aona(i)d ag a bhfuil baint leis go príomha | Caibidil |
|---------------------------------------|---|----------|
| Dlíthíocht forfheidhmithe shibhialta | <p>Den chuid is mó, déanann an feidhm Forfheidhmithe dlíthíocht forfheidhmithe shibhialta a bhainistiú.</p> <p>Comhbhainistiú feidhmeanna Dócmhainneachta agus Forfheidhmithe dlíthíocht shibhialta, ar nós dícháiliú stiúrthóirí cuideachtaí a baineadh as an gClár⁸ le linn dóibh fiachais neamhscaoilte a bheith acu a iarraidh.</p> | 3 |
| Imscrúdú coiriúil agus ionchúiseamh | <p>Déanann an feidhm Forfheidhmithe i gcomhar le hAonad an Gharda Síochána, imscrúdú ar shárúithe coiriúla féideartha Achtanna na gCuideachtaí.</p> <p>A luaithe is a dhéantar cinneadh chun tús a chur le himeachtaí coiriúla achoimre, éiríonn an t-ionchúiseamh ina ionchúiseamh comhoibríthe idir an feidhm Forfheidhmithe agus Aonad an Gharda. I gcás imscrúduithe in atáthar ionchúiseamh ag brath a dhéanamh ionchúiseamh ar díotáil, baineann comhoibriú idir an feidhm Forfheidhmithe agus Aonad an Gharda.</p> <p>I gcásanna ina ndéanann an SIP, tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar chomhad imscrúdaithe faoi mar a bhí sé curtha ag an Oifig, cinneadh chun ionchúiseamh ar díotáil a thionscnamh, bíonn freagracht ar an feidhm Forfheidhmithe agus Aonad an Gharda go príomha as tacaíocht ina dhiaidh sin a chur ar fáil d'Oifig an SIP (mar shampla, maidir le nochtadh leis an gcosaint).</p> | 3 |
| Maoirseacht ar iompar leachtaitheoirí | <p>Is éard atá i ngníomhaíochtaí a dhéantar chun maoirseacht a dhéanamh ar iompar leachtaitheoirí (ar nós, mar shampla, léiriú leabhar agus taifead leachtaitheoirí a iarraidh) ná iarracht chomhoibríoch idir an tAonad Dócmhainneachta agus an feidhm Forfheidhmithe.</p> | 3 |
| Soláthar seirbhísí tacaíochta | <p>Is é an tAonad Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach go príomha as seirbhísí tacaíochta a sholáthar.</p> <p>Tá freagracht ar gach Aonad as cabhrú leis an Aonad Seirbhísí Corparáideacha chun a chinntiú go gcomhlíonfar go hiomlán oibleagáidí OSFC mar Oifig a mhaoinítear go poiblí (m.sh. i réimsí an tsoláthair, na nósanna imeachta imréitigh cánach, srl.).</p> | 4 |
| Bainistíocht agus forbairt caidrimh | <p>Cé go mbeidh méid níos mó idirphlé le páirtithe leasmhara seachtracha áirithe ag Aonaid áirithe ná a bheidh ag aonaid eile, de bhrí chineál a n-oibríochtaí príomha, is amhlaidh nádúr idirnasctha na heagraíochta go bhfuil ról ag gach Aonad i mbainistíocht agus i bhforbairt caidrimh leanúnach.</p> | 2 |

⁸ Féach ar www.cro.ie le haghaidh tuilleadh eolas faoin Clár.

Caibidil 2

Tuiscint níos fearr ar
Chearta agus ar Dhualgas
ba bPáirtithe lena
mBaineann faoin Dlí
Cuideachtaí a chur
chun cinn

Réamhrá

Soláthraítear sonraí sa Chaibidil seo faoi na príomhstraitéisí ar bhféachadh an Oifig dóibh, agus na príomhghníomhaíochtaí a rinne an Oifig le linn na bliana faoi athbhreithniú chun an sprioc thuasluaite a chur chun cinn. Go hachomair, áiríodh ar na straitéisí agus ar na gníomhaíochtaí sin:

- forbairt agus fógairt foilseachán agus ábhar treorach eile;
- páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí for-rochtana, lena n-áirítear cuir i láthair a sheachadadh, freastal ar sheimineáir agus ar thaispeántais agus déileáil le fiosrúcháin um dhlí cuideachtaí maidir le raon ceisteanna ó bhail an phobail;
- feabhsuithe reachtaíochta agus beartais a mholadh; agus
- caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt.

Foilseacháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana

Foilseacháin

Tar éis Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017 a shíniú ina dhlí i mí na Bealtaine 2017 agus Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla) 2018 rinne an Oifig athbhreithniú agus nuashonrú ar dhá Leabhar Treorach Faisnéise agus dhá Threoir Mhear chun athruithe ar an dlí a léiriú. Rinneadh leasú ar na leaganacha Gaeilge comhfhreagracha, chomh maith.

B'amhlaidh i gcaitheamh na bliana faoi athbhreithniú, a eisíodh tuairim 6,000 cóip fhisiciúil d'fhoilseacháin éagsúla na OSFC, go háirithe Leabhair Faisnéise agus Treoracha Tapa, le páirtithe leasmhara. Eisíodh na foilseacháin úd mar fhreagra ar an éileamh poiblí, ag imeachtaí, taispeántais agus láithreoireachtaí, nó mar thoradh ar freastal orthu, nó mar thoradh ar theagmháil dhíreach ag daoine leis an Oifig.

Seimineáir agus taispeántais

Príomhghné de straitéis tathanta na hOifige is ea a clár for-rochtana. Baineann sé seo, i measc nithe eile, le seachadadh cur i láthair agus urlabhair chuig grúpaí geallsealbhóirí, chomh maith le freastal ar thaispeántais agus ar imeachtaí inar dhócha go mbeadh fothacair amháin nó níos mó de lucht éisteachta/féachana na hOifige ann. Sainithin an Oifig roinnt toghcheantair mar a bheith ina lucht féachana/éisteacha sprice, lena n-áirítear:

- daoine a bhfuil corprú á bhreathnú acu nó daoine a chorpraigh cuideachtaí le déanaí;
- gairmithe páirteach i gcomhairle a chur ar fáil do chuideachtaí agus do stiúirthóirí cuideachtaí, atá breá ábalta, de bhua na ngníomhaíochtaí sin, teachtaireacht um chomhlíonadh OSFC a athsheachadadh chuig cliaint agus mar sin lucht féachana/éisteacha na hOifige a mhéadú go mór;
- mic léinn atá cláraithe ar chláir ghnó faoi láthair ar leibhéal fochéime agus iarchéime, tuarfar go mbeidh a lán díobh ina stiúirthóirí cuideachta nó ina gcomhairleoirí gairmiúla iad féin ar deireadh; agus
- an earnáil phobail agus an earnáil dheonach, nach bhfuil eolas chomh forbartha acu de ghnáth, de bharr a gcineáil, mar ghnó ginearálta, ar an dlí cuideachtaí agus, mar thoradh air sin, is gnáth go mbíonn treoir de dhíth orthu ar an dlí cuideachtaí agus ar chúrsaí rialachais chorparáidigh lena mbaineann.

I rith na bliana faoi athbhreithniú, sholáthair foireann na hOifige 22 cuir i láthair (2017: 26) do lucht féachana thart ar 1,130 duine. Dhéileáil go leor de na cuir i láthair seo go sonrach le hábhair ar nós: ról agus dualgais stiúirthóirí cuideachtaí, sainchúram feabhsaithe agus beartais forfheidhmithe an OSFC agus ról chomhlíonta agus forfheidhmithe an OSFC faoi Acht na gCuideachtaí.

Rinneadh ionadaíocht, chomh maith, don Oifig ag 17 dtaispeántas, ar an iomlán, i rith na bliana (2017: 16). Leagtar sonraí amach faoi na cuir i láthair a soláthraíodh agus na taispeántais ar freastalaíodh orthu, faoi seach, i rith na bliana faoi athbhreithniú, ag Aguisín 2.

Cuairt ar an OSFC ag toscaireacht ón Bundestag

An 24 Bealtaine 2018, thug toscaireacht ó Choiste Achainithe Bundestag na Gearmáine cuairt ar an OSFC mar chuid de mhisean faisnéise in Éirinn. Cuireadh cur i láthair ar siúl don toscaireacht inar tugadh achoimre ar obair agus struchtúir an OSFC maidir lena dhlínse shibhialta agus choiriúil. Bhí spéis ar leith ag an toscaireacht sna struchtúir dhócmhainneachta agus ar chóras stiúrthóirí cuideachta a shrianadh agus a dhícháiliú.

Caidrimh le páirtithe leasmhara seachtracha a bhainistiú agus a fhorbairt

Lena cuspóirí reachtúla agus spriocanna gaolmhara a chur chun cinn, féachann an Oifig le caidrimh láidre agus éifeachtúla a fhorbairt agus a choinneáil le raon príomhpháirtithe leasmhara. Chomh maith leis an bpobal i gcoitinne, áirítear ar phríomhpháirtithe leasmhara na hOifige an tOireachtas⁹, an tAire, an Roinn, comhlachtaí reachtúla/rialála eile agus iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí gairmiúla do chuideachtaí agus do stiúrthóirí agus oifigigh cuideachtaí. Tá achoimre déanta thíos ar idirghníomhaíochtaí na hOifige le linn na bliana le cuid dá príomhpháirtithe leasmhara.

Baill den Oireachtas

Déanann baill den Oireachtas cumarsáid agus uirill leis an Oifig, ó thráth go chéile. Cuirtear buairt in iúl, de ghnáth, sa chumarsáid seo maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil dlí cuideachta á shárú, baineann siad le cásanna atá á n-athbhreithniú agus/nó iarrataí a bhíonn iontu ar ghníomhartha áirithe a dhéanamh maidir le daoine/aonáin áirithe. Cé go ndéantar breithniú cúramach ar an gcumarsáid agus na huirill uile siúd – agus a mhéid agus is indéanta, cuirtear gach cúnamh ar fáil do Theachtaí¹⁰ agus Seanadóirí¹¹ - tá an OSFC go hiomlán neamhspleách ar an gcóras polaitíochta. Mar dheia, téann an OSFC i mbun gníomh ar bith trí thagairt a dhéanamh do na bunfhírí agus na bunchúinsí, seachas trí thagairt a dhéanamh d'fhoinsé an ghearáin.

An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Lean foireann na hOifige le hidirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe sa Roinn ar fud na bliana ar chúrsaí leasa choitinn.

OCC

Mar stór poiblí faisnéise ar chuideachtaí agus oifigigh cuideachta, tá ról ríthábhachtach ag an OCC maidir le tacaíocht a thabhairt don Oifig ina gcuid oibre. Chomh maith le teacht le chéile go rialta ar chúrsaí leasa choitinn, soláthraíonn foireann an OCC fianaise go rialta in imeachtaí OSFC agus, nuair a shainaithnítear é, ar sháruithe *prima facie* an dlí cuideachtaí.

Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch

Faoi mar a luadh i gCaibidil 1 den Tuarascáil seo, áirítear roinnt Gardaí ar líon foirne na hOifige. Tá na Gardaí sin ar iasacht ó BNGSCE. Tá dlúthchaidreamh oibre na hOifige leis an nGarda Síochána, agus le BNGSCE go sonrach, fíorthábhachtach dá hobair forfheidhmiúcháin choiriúil. Sa chomhthéacs sin, tagann an Oifig le chéile le lucht bainistíochta sinsearaí BNGSCE ar bhonn rialta ar chúrsaí leasa choitinn.

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (“ÚMICÉ”)

De réir fhorálacha an Achta, tá an Stiúrthóirí ina chomhalta ar ÚMICÉ agus tá an ceart aige dá réir sin comhalta a ainmniú ar a Bhord Stiúrthóirí. Tá an tUasal Conor O'Mahony, Ceann na hOifige um Sheirbhísí Dócmhainneachta agus Corparáideacha, sa chomhthéacs sin, ina chomhalta de Bhord Stiúrthóirí an ÚMICÉ. Beidh Tuarascáil Bhliantúil 2018 an ÚMICÉ ar fáil ar a shuíomh gréasáin¹² a luaithe is a chuirfidh an tAire faoi bhráid an Oireachtais í.

⁹ Téarma comhchoiteann do Thithe Uachtaraigh agus Íochtaraigh na Parlaiminte

¹⁰ Baill de Theach Íochtarach na Parlaiminte

¹¹ Baill de Theach Uachtarach na Parlaiminte

¹² www.iaasa.ie

Chomh maith leis an gcaidreamh reachtúil seo mar a léirítear thuas, bhí an Oifig páirteach go rialta leis an ÚMICÉ le linn na bliana ar chúrsaí leasa choitinn, agus tionóladh cruinniú foirmiúil amháin le foireann shinsearach ÚMICÉ ar chúrsaí leasa choitinn le linn na bliana atá faoi athbhreithniú.

An Grúpa Athbhreithnithe ar an Dlí Cuideachtaí (“GADC”)

Comhlacht comhairleach a bunaíodh go reachtúil is ea an GADC¹³ don Aire ar chúrsaí a bhaineann leis an dlí cuideachtaí. Tá an Stiúrthóir ina chomhalta den GADC agus déantar ionadaíocht ar son OSFC ag cruinnithe iomlána ag agus ag cruinnithe Coistí a mbaineann a gcuid oibre lena sainchúram.

Dócmhainneacht Chorporáideach

Tá Ceann Dócmhainneachta agus Seirbhísí Corparáideacha na hOifige, an tUasal Conor O’Mahony, ina bhall den Fho-choiste Dócmhainneachta Chorporáideach, a bhí ag scrúdú, i measc nithe eile, Dhlí Eiseamláireach ar Dhócmhainneacht Trasteorann an CNADTI, an Togra Eorpach le haghaidh Treorach ar Dhócmhainneacht, Athstruchtúrú agus an Dara Seans, atá sé de chúram air athbhreithniú na reachtaíochta ar an foirceannadh cuideachtaí.

Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Tá an Stiúrthóir ina Chathaoirleach ar an bhFo-choiste um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú, atá sé de chúram air gnéithe comhlíonta agus forfheidhmithe reatha de dhlí na gcuideachtaí a scrúdú agus a chuid mholtaí a thuairisciú ar ais go dtí an iomlánach.

Rialachas Corparáideach

Ball den Fhochoiste maidir le Rialachas Corparáideach is ea an tUasal Conor O’Mahony, Ceann Dócmhainneachta & Seirbhísí Corparáideacha na hOifige, ar Fo-choiste é a cuireadh air scrúdú a dhéanamh ar aighneachtaí ar leith a tharchuireann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chuig an GADC, aighneachtaí maidir le bearta (a dhéileáilann le rialachas maidir le cuideachtaí) atá i gCuid 4 den Acht agus sna caibidlí iomchuí de Chodanna 16, 17, 18 agus 19. Déanfaidh an fochoiste measúnú freisin ar chóid eile deachleachtais sa rialachas corparáideach, de réir mar a mholtar agus/nó a cheanglaítear ag rialaitheoirí ábhartha.

Grúpa Athbhreithnithe ar Struchtúir in Aghaidh Calaoise agus Caimiléireachta

Bunaíodh an Grúpa Athbhreithnithe seo, a bhfuil an t-iar-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an tUasal James Hamilton, mar chathaoirleach air, mar chuid de phacáiste beart Shamhna 2017 an Rialtais a bhí dírithe ar bharr feabhais a chur ar chumas na hÉireann chun dul i ngleic le coireacht chorparáideach, gheilleagrach agus rialála. Comhaltaí den Ghrúpa iad an Stiúrthóir agus an tUasal David Hegarty

An Banc Ceannais

Chuir OSFC agus an Banc Ceannais Meabhrán Tuisceana (“MT”) i bhfeidhm lenar féidir le gach comhlacht, bunaithe ar a reachtaíocht bhunaithe faoi seach, faisnéis a atreorú chuig an gcomhlacht eile sa chás go bhfuil siad sásta go bhfuil baint ag an bhfaisnéis sin le sainchúram an chomhlachta eile.

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ina chomhpháirtí tábhachtach de chuid na hOifige maidir lena hobair a chur ar aghaidh, go háirithe maidir le cúrsaí a bhaineann le dócmhainneacht. Tá Meabhrán Tuisceana ag ODCE agus ag na Coimisinéirí Ioncaim, atá bunaithe ar a reachtaíocht bhunúsach faoi seach, ar chumas gach comhlacht faisnéis a tharchur chuig an comhlacht eile sa chás ina bhfuil siad sásta go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha maidir le sainchúram an eile. Sa chomhthéacs sin, tháinig an dá chomhlacht le chéile roinnt uaireanta le linn na bliana.

¹³ www.clrg.org

Gairm na Cuntasaíochta

Tá ról tábhachtach ag gairm na cuntasaíochta chun cuidiú le hobair na hOifige, trí oibleagáidí tuairiscithe na n-iniúcháirí (a mínítear tuilleadh sa chéad Chaibidil eile) agus tacaíocht níos leithne na gairme do theachtaireacht um chomhlíonadh na hOifige, agus an teachtaireacht sin a chur in iúl. Mar sin, féachann an Oifig le hoibriú go dlúth leis na comhlachtaí cuntasaíochta gairmiúla chun tacú leo lena chinntiú go bhfuil a gcomhaltaí ar an eolas go hiomlán faoina n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla agus iad a chur ar an eolas faoin gcúnamh is féidir leis an Oifig a thabhairt dóibh siúd de chliaint a gcomhaltaí a bhfuil poist acu mar stiúrthóirí agus oifigigh chuideachta.

An Cumann Idirnáisiúnta Rialtóirí Dócmhainneachta (“CIRD”)

Comhlacht idirnáisiúnta is ea CIRD a thugann le chéile taithí agus saineolas comhchoiteann rialtóirí dócmhainneachta náisiúnta ó 26 dlínse ar fud an domhain. Fóram luachmhar is ea CIRD, dá bhfuil an Oifig ina comhaltaí ó 2003, chun idirchaidreamh agus comhar a chur chun cinn idir a chomhaltaí agus chun faisnéis a chomhroinnt i réimsí leasa choitinn agus dea-chleachtais.

Na meáin

Déileálann an Oifig le méid suntasach d’fhiosraithe na meán gach bliain de ghnáth. Cé go bhfuil an Oifig eolach faoin ról tábhachtach a d’fhéadfadh a bheith ag an meáin maidir le díospóireacht ar an dlí cuideachtaí, ceisteanna um chomhlíonadh agus um rialachas go ginearálta a chur in iúl, agus go ndéanann siad a ndícheall nuair is féidir déileáil le fiosruithe ginearálta, ní mór dóibh a bheith an-chúramach chomh maith sa dóigh a ndéanann siad é. Níl cead ag an Oifig faoina reachtaíocht rialaithe trácht poiblí ar bith a dhéanamh maidir le stiúradh imscrúduithe, ach amháin i dtaca le faisnéis atá sa réimse poiblí cheana. Chomh maith leis sin, tá an Oifig eolach faoi chearta daoine aonair agus daoine eile a thagann roimh na Cúirteanna, agus, dá bhrí sin, ní eisíonn sí tuarascálacha um dhul chun cinn nó faisnéis ar bith eile ar a gníomhaíocht forfheidhmiúcháin dá bhféadfadh sé sin dochar a dhéanamh do chaingne dlí amach anseo.